Léigh anseo >



# Réidh le haghaidh ról i réimse na gCánacha Idirnáisiúnta?

Tar ag obair leis na Coimisinéirí Ioncaim mar Phríomhoifigeach Cúnta - Praghsáil Aistrithe

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# An bhfuil tú uaillmhianach, éirimiúil agus réidh le do ghairm bheatha a thabhairt go dtí an chéad leibhéal eile?

Is é seo do dheis chun beartas cánach domhanda a mhúnlú agus oibriú le cuid de na cuideachtaí ilnáisiúnta is mó ar domhan.



# Eolas faoin Ról

Mar Phríomhoifigeach Cúnta i bPraghsáil Aistrithe, beidh ról bainistíochta agat i gceann de dhá phríomhrannóg:

- **Rannóg na gCorparáidí Móra**
  Measúnuithe riosca a dhéanamh, idirghabhálacha comhlíontachta a stiúradh, agus iniúchtaí praghsála aistrithe a dhéanamh do chorparáidí ardphróifíle.
- **Rannóg na gCánacha Idirnáisiúnta**
  Oibrítear ar dhíospóidí cánach idirnáisiúnta, déantar comhoibriú le húdaráis chánach eachtracha, agus cuirtear le ról na hÉireann i múnlú beartais praghsála aistrithe an ECFE agus an AE.

Léigh anseo >

# Cén fáth a roghnófá Praghsáil Aistrithe?

- Plé díreach a dhéanamh le cuideachtaí ilnáisiúnta domhanda
- Tionchar a imirt ar bheartas agus reachtaíocht chánach idirnáisiúnta
- Oibriú i dtimpeallacht dhinimiciúil agus tapa
- Líonraí láidre a fhorbairt ar fud an tionscail agus an rialtais
- Níl aon dá lá mar a chéile – beidh dúshláin agus éagsúlacht ann duit

# Foghlaim Leanúnach

Ón gcéad lá, beidh tú in ann leas a bhaint as cosán foghlama struchtúrtha:

- Cláir oiliúna inmheánacha agus seachtracha
- Taithí phraiticiúil le treoir shaineolach
- Forbairt ghairmiúil leanúnach le linn do ghairm sna Coimisinéirí Ioncaim
- Deiseanna líonraithe a thacaíonn le do ghairm bheatha

# Deiseanna ar fud na tíre

Tá na róil seo ar fáil in oifigí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fud na tíre. Féadtar an dhá láthair ab fhearr leat a roghnú ar d'iarratas.

# Cén fáth na Coimisinéirí Ioncaim?

Tá níos mó ná cáin i gceist. Cuirtear an méid seo a leanas ar fáil:

- Socruithe oibre Solúbtha
- Fócas láidir ar fholláine agus ar chothromaíocht oibre is saoil
- Cultúr comhoibrithe agus nuálaíochta

Léigh anseo >

# Cé ba chóir cur isteach air?

Tá muid ag lorg gairmithe le:

- Tuiscint láidir ar phraghsáil aistrithe
- Taithí phraiticiúil i dtionscadail praghsála aistrithe
- Scileanna anailíseacha a chuirfeadh luach leis an gclár oibre
- Scileanna cumarsáide atá soiléir agus muiníneach
- Ceannasaíocht agus atá tiomanta do thorthaí a sheachadadh

# Tóg an chéad chéim eile i do ghairm -

Imir tionchar ar cháin idirnáisiúnta leis na Coimisinéirí Ioncaim

# Déan iarratas inniu!

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs